



Tá an clár Faisnéise ina chuid ríthábhachtach den chlár Frithdhópála agus féachtar faoi chun aon fhaisnéis a bhailiú a bheidh ina cabhair maidir le Sárú ar na Rialacha Frithdhópála a bhrath, a dhíspreagadh, a fhorfheidhmiú nó a chosc.

Áirítear leis na Sárúithe ar na Rialacha Frithdhópála úsáid agus iarracht ar úsáid substaintí toirmisce i gcúrsaí spóirt, ach cumhdaítear leo freisin riaradh substainte toirmisce, seilbh ar shubstaintí toirmisce agus gáinneáil i substaintí toirmisce.

Orthu siúd is mó atá i mbaol Sárúithe ar na Rialacha Frithdhópála, tá lúthchleasaithe iomaíochta agus baill foirne tacaíochta a bhfuil baint acu le lúthchleasaithe iomaíochta.

Conas Teagmháil a dhéanamh Linn

- Tríd an bhfoirm ar líne thíos a chomhlánú
- Trí ríomhphost a sheoladh chuig intelligence@irishsportsCouncil.ie

Foirm Ar Líne

Comhlánaigh an fhoirm ar líne seo, nach gá go mbeadh d'ainm ag dul léi, le do thoil má tá aon fhaisnéis shonrach nó aon ábhar cúraim sonrach agat faoi dhópáil a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú i gcúrsaí spóirt. Is cuma cé chomh beag is a cheapann tú atá d'ábhar cúraim, ba mhaith linn cloisteáil uait. Pléifear le gach faisnéis a thabharfar don Aonad Frithdhópála faoi chuing rúin.

Déan teagmháil linn le do thoil má tá aon cheann acu seo a leanas amhlaidh:

- Chonaic tú dópáil ar bun i gcúrsaí spóirt
- Tairgeadh substaintí toirmisce duit
- Ceapann tú go bhféadfadh duine éigin a bheith i mbun dópála
- Ceapann tú go bhféadfadh duine éigin a bheith ag soláthar substaintí toirmisce do lúthchleasaithe
- Tá inní ort faoi iompar nó cleachtais lúthchleasaí, cóiste nó aon baill foirne tacaíochta

Faisnéis a Chomhroinnt

Ó am go chéile, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach sonraí áirithe a chomhroinnt le gníomhaireachtaí a bhfuil comhaontuithe againn leo maidir le faisnéis a chomhroinnt. Ní dhéanfar a chomhroinnt ach faisnéis is ábhartha don ghníomhaireacht mar gheall ar an

ngníomhaíocht a tuairiscíodh, nó mar gheall ar na daoine a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht.

Conas an Fhoirm a Chomhlánú

Comhlánaigh ceisteanna 1, 2, 3 agus 4 ar a laghad le do thoil. Más mian leat níos mó mionsonraí a thabhairt faoin ngníomhaíocht atá á tuairisciú, comhlánaigh aon cheist roghnach idir 5 agus 11 le do thoil. Nuair a bheidh an oiread faisnéise agus is féidir líonta isteach agat, cliceáil ar an gcnaipe 'Cuir isteach' ag bun na foirme.

| | | | |
|----------|---|---------------------------|---|
| 1 | An bhfuil tú ag iarraidh a bheith anaithnid? Má roghnaíonn tú 'Níl', pléifear le gach faisnéis a sholáthróidh tú faoi chuing rúin. Ní dhéanfar do chuid faisnéise pearsanta a chomhroinnt choíche le tríú páirtithe. Ní dhéanfaimid teagmháil leat ach amháin más gá dúinn faisnéis atá curtha ar fáil agat cheana féin a shoiléiriú. | Tá | |
| | | Níl | Ainm iomlán |
| | | | Uimhir Theileafóin |
| | | | Seoladh Ríomhphoist |
| 2 | Cad é atá á thuairisciú agat? | Roghnaigh le do thoil | |
| | | Úsáid Drugaí | |
| | | Soláthar Drugaí | |
| | | Eile | Tabhairt tuilleadh sonraí le do thoil |
| 3 | Déan cur síos le do thoil ar cén ghníomhaíocht a tharla, cé a rinne í, cén uair, agus tabhair an oiread sonraí agus is féidir. | | Déan cur síos le do thoil |
| 4 | An bhfaca tú an ghníomhaíocht sin? | Chonaic | |
| | | Ní fhaca | Ar chuala tú fúithi nó ar insíodh duit fúithi? Tabhair ainm an fhinné agus an bhaint atá aige nó aici le cúrsaí spóirt, más eol sin duit |
| 5 | Tabhair an oiread faisnéise is féidir leat, le do thoil, faoin duine nó na daoine a raibh baint aige nó aici nó acu leis an ngníomhaíocht atá á tuairisciú agat, mar shampla ainm, aois, inscne, an ceangal le cúrsaí spóirt. | Déan cur síos le do thoil | |

| | | | |
|-----------|---|---|--|
| | | | |
| 6 | Maidir leis an duine nó na daoine atá luaite i gceist 5, an bhfuil baint acu le club spóirt nó giomnásiam? | Roghnaigh le do thoil | |
| | | Tá | Tabhair tuilleadh sonraí le do thoil |
| | | Níl | |
| | | Ní fios | |
| 7 | An rud é seo a tharlaíonn go rialta nó gníomhaíocht aonuaire? | Aonuaire | |
| | | Rialta | Mínigh le do thoil |
| 8 | Cén chaoi a bhfuil an ghníomhaíocht seo atá á tuairisciú agat ag tarlú? | Úsáid | Déan cur síos ar na dálaí le do thoil (traenáil, comórtas, roimh bhabhta traenála sa ghiomnásiam nó ina dhiaidh) |
| | | Soláthar | Déan cur síos ar na dálaí le do thoil. An bhfuil suíomh gréasáin nó cuideachta ag an soláthraí? |
| 9 | Cén tsubstaint atá á húsáid nó á soláthar ag an duine nó na daoine atá luaite i gceist 5? | Roghnaigh le do thoil | |
| | | Forlíontaí | Tabhair ainm an táirge, le do thoil, más eol duit é |
| | | Stéaróidigh | |
| | | Táirge nó táirgí bunaithe ar théististéarón | |
| | | Spreagthaigh | |
| | | Támhshuanaigh | |
| | | Táirgí fola / málaí fola | |
| | | Eile / Éiginnte | Mínigh le do thoil |
| 10 | Conas a bhí an táirge á úsáid ag an duine nó na daoine atá luaite i gceist 5? | Roghnaigh le do thoil | |
| | | Instealladh | |
| | | De bhéal | |
| | | Cuimilte ar an gcráiceann | |
| 11 | Tabhair aon fhaisnéis eile nach bhfuil clúdaithe thuas, le do thoil | | |

Cuir isteach